



---

*An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh*

---

**2020/2043(INI)**

9.7.2020

## **DRÉACHT-TUAIRIM**

ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

chuíg an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

i dtreo shásra AE um choigeartú carbóin ar theorainneacha atá comhoiriúnach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (2020/2043(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Jens Geier

PA\_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di Comhaontú Pháras, an Comhaontú Glas agus an sprioc neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050; ag tabhairt dá haire an easpa iarrachtaí idirnáisiúnta maidir leis an aeráid; á chreidiúint go bhféadfaí iarrachtaí idirnáisiúnta chun dul i ngleic leis an athrú aeráide a dhreasú trí shásra AE um choigeartú carbóin ar theorainneacha (“an sásra”);
2. á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh praghsáil carbóin idirnáisiúnta agus réitigh astaíochtaí ísle atá go hiomlán iomaíoch go mbeadh an sásra imithe i léig; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, nach mór don Aontas Eorpach dlús a chur leis na hiarrachtaí i ndáil leis sin;
3. ag cur béim ar an bhfioras go bhféadfadh sceitheadh carbóin agus míbhuntáiste san iomaíocht ar mhargaí idirnáisiúnta do thionscal AE teacht as gníomhaíochtaí díláraithe ar son na haeráide; ag tathant ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, cosaint iomlán ar sceitheadh carbóin a áirithiú agus machnamh a dhéanamh ar lacáistí onnmhairiúcháin a áireamh sa sásra;
4. ag moladh sásra forchéimnitheach lena n-áirítear ar dtús earnálacha a bhfuil an baol is mó sceite carbóin ag baint leo sula méadaítear iad le himeacht ama; á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh saobhadh ar an margadh inmheánach mar thoradh air sin;
5. á chur i bhfáth an ngá atá ann na bearta frithbheartaíochta idirnáisiúnta in aghaidh an Aontais Eorpaigh, arb é an sásra is cúis leo, a theorannú; ag tathant ar an gCoimisiún an sásra a dhéanamh comhoiriúnach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus cur chuige iltaobhach a ghlacadh maidir lena dearadh;
6. á chur i bhfios go láidir gur acmhainní dílse AE iad na hacmhainní arna dtabhú faoin sásra; á chur in iúl go bhfuil sí deimhin de nach mór na hacmhainní sin a úsáid le haghaidh bearta aeráide;
7. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú tionchair a dhéanamh ar shásraí agus ar dhearaí éagsúla chun gníomhaíocht idirnáisiúnta ar son na haeráide a dhreasú agus sceitheadh carbóin a chosc sula dtíolacfaidh sí togra reachtach.